Cásanna Samplacha 2012

Cásanna Achomhairc Áirithe 2012

Cás 1: Scéim na hAoníocaíochta

(Teidlíochtaí neamhúsáidte a thabhairt suas don Chúlchiste Náisiúnta)

Chuir an t-achomharcóir iarratas faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar Aistriú na dTeidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta (SPS) 2007. Shínigh an t-achomharcóir Daingniú ar Thalamh a Ligean ar Cíos go Gearrthréimhseach agus san áireamh bhí comhaontú cíosa a bhí bailí ó Fheabhra go Nollaig na bliana 2007. D' fhaomh an Roinn an t-iarratas ar aistriú na dteidlíochtaí aoníocaíochta. Comhairlíodh don achomharcóir i scríbhinn nár mhór teidlíochtaí aoníocaíochta a úsáid uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse trí bliana, agus mura ndéanfaí amhlaidh, go rachadh na teidlíochtaí neamhúsáidte go huathoibríoch ar ais go dtí an Cúlchiste Náisiúnta. Dúradh freisin go 'n-úsáideann' feirmeoir teidlíochtaí trí heicteár talún intofa in aghaidh na teidlíochta a chur isteach ar a (h)iarratas aoníocaíochta. Fuair an t-aistreoir íocaíocht i leith na dteidlíochtaí mar chuid d' íocaíochtaí SPS na bliana 2007. Sna blianta 2008, 2009 agus 2010 fuair an t-achomharcóir foirmeacha iarratais réamhchlóite SPS ón Roinn. Ní dhearna an t-achomharcóir iarratas ar an SPS in aon cheann de na blianta seo. Ar fhoirm réamhchlóite na bliana 2010 luadh go gcaillfí na teidlíochtaí don Chúlchiste Náisiúnta mura n-úsáidfí iad sa bhliain 2010. D' inis an Roinn don achomharcóir sa bhliain 2011 nár mhór do na teidlíochtaí dul ar ais go dtí an Cúlchiste Náisiúnta toisc nár úsáideadh iad i mbliana ná sa tréimhse dhá bhliain roimhe seo.

Rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta. Luadh sna forais achomhairc gur chreid an t-achomharcóir go bhféadfadh an duine ar aistríodh na teidlíochtaí sa bhliain 2007 chuige feidhm a bhaint as na teidlíochtaí seo ar feadh na tréimhse a raibh an talamh ar cíos, agus dá bhrí sin nár ghá iarratas ar aistriú bliantúil teidlíochtaí a chomhlánú agus nár ghá don achomharcóir Iarratas Aoníocaíochta a chomhlánú gach bliain.

Chinn an tOifigeach Achomharc go raibh an Fhoirm um Aistriú na dTeidlíochtaí soiléir sa mhéid nár thagair sí ach do Scéim na hAoníocaíochta 2007 ar an gceanntásc uachtair. Thairis sin, ní raibh an comhaontú cíosa thalún a chuir an t-achomharcóir isteach bailí ach i dtaca le tréimhse shonraithe sa bhliain 2007. Bhí foirmeacha iarratais réamhchlóite SPS faighte ag an achomharcóir sna blianta 2008, 2009 agus 2010. Sa bhliain 2010 chuir an Roinn foirm réamhchlóite SPS amach, inar luadh i gcolún 5: "*Teidlíochtaí a chaillfear don Chúlchiste Náisiúnta mura n-úsáidtear iad sa bhliain 2010*", tá 3 réiltín ag an gcolún seo freisin m.s. *** a shainmhínítear a thuilleadh mar seo a leanas "*Sonraíonn *** na teidlíochtaí sin, agus teidlíochtaí de chineál caighdeánach an Chúlchiste Náisiúnta san áireamh, nár úsáideadh sa bhliain 2009. Caillfidh tú na teidlíochtaí seo don Chúlchiste Náisiúnta mura n-úsáideann tú iad sa bhliain 2010*".

Ón uair nár úsáideadh na teidlíochtaí a bhí i gceist faoin am a ordaíodh, chuaigh siad ar ais go dtí an Cúlchiste Náisiúnta. Chinn an tOifigeach Achomharc go raibh sé seo ag teacht le ceanglais Scéim na hAoníocaíochta agus go raibh cinneadh na Roinne ceart. Dá réir sin, níor ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 2: An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath 3 (REPS 3)

Ba rannpháirtí REPS 3 an t-achomharcóir a ndeachaigh a chonradh in éag ar 31 Bealtaine 2011. Rinne an Roinn cigireacht ar ghabháltas an achomharcóra ar 27 Meán Fómhair 2011 agus chuir sí pionós 15% i bhfeidhm as dhá neamhchomhlíonadh a fionnadh mar seo a leanas: (i) 5% toisc nach ndearnadh fálú ar limistéir ghnáthóige agus (ii) 10% i leith plásáin ar fionnadh nach raibh sé stocdhíonach. Rinne an

t-achomharcóir achomharc in aghaidh chinneadh na Roinne ar an bhforas gur tharla an chigireacht beagnach ceithre mhí tar éis an conradh a bheith dulta in éag.

Ní dhearna an Roinn argóint in aghaidh na fírice gur tharla an chigireacht beagnach ceithre mhí tar éis an conradh a bheith dulta in éag ach sheas an Roinn le feidhmiú na bpionós mar sin féin.

Agus cinneadh á dhéanamh faoin achomharc, thagair an tOifigeach Achomharc d'Alt 25 de na téarmaí agus na coinníollacha a fhorálann mar seo a leanas:

25.1 Coimeádann an tAire a cheart chun cigireachtaí a dhéanamh ag tráthanna réasúnacha ar aon talamh, áitreabh, gléasra, trealamh, beostoc agus taifid de chuid na n-iarratasóirí/ rannpháirtithe sa Scéim seo. Féadfar cigireachtaí a dhéanamh laistigh de 3 mhí ón dáta a gcríochnaíonn an rannpháirtí an tréimhse 5 bliana i REPS.

Ón uair nach ndearna an Roinn argóint in aghaidh na fírice go ndeachaigh an plean in éag ar 31 Bealtaine 2011 agus gur tharla an chigireacht ar 27 Meán Fómhair 2011, chealaigh an tOifigeach Achomharc cinneadh na Roinne pionóis a chur i bhfeidhm mar tharla an chigireacht beagnach ceithre mhí tar éis conradh REPS an achomharcóra a bheith dulta in éag. Chinn an tOifigeach Achomharc nach raibh an chigireacht agus feidhmiú na bpionós dá héis i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha na scéime. Ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 3: An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath 4 (REPS 4)

Thosaigh conradh REPS 4 an achomharcóra ar 1 Márta 2009. Scríobh an Roinn chuig an achomharcóir i Samhain 2011 agus luadh go ndearnadh íocaíocht trí dhearmad i leith an Bhirt Fhorlíontaigh 10 (SM10) agus go gcuirfí litir eile amach in am agus i dtráth ina sonrófaí an méid airgid a gheofaí ar ais. D' athbhreithnigh an Roinn an cás agus sheas sí leis an gcinneadh bunaidh.

Cuireadh achomharc faoi bhráid na hOifige Achomharc Talmhaíochta ar an bhforas gur cuireadh isteach an plean bunaidh ar 2 Feabhra 2009 agus gur cuireadh isteach plean athbhreithnithe ar 27 Feabhra 2009. Áiríodh leis an bplean athbhreithnithe, a cuireadh isteach trí seachtaine tar éis an phlean bhunaidh, an rogha SM10 mar rogha i gcomhair íocaíochta. Luaigh an pleanálaí go raibh sé den tuairim shoiléir go rachadh an plean athbhreithnithe in ionad an chéad phlean toisc nach raibh an chéad phlean faofa go fóill agus go raibh ceanglais an phlean comhlíonta ag an achomharcóir. Níor iarradh éisteacht ó bhéal.

Ón uair nár iarradh éisteacht ó bhéal, labhair an tOifigeach Achomharc leis an bpleanálaí ar an nguthán; d' athdhearbhaigh sé an méid a scríobhadh sa litir achomhairc. Luaigh sé go ndearna sé breithniú ar an rogha SM 10 a chur sa phlean bunaidh, go raibh am á thabhairt aige don achomharcóir chun go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh air agus nach raibh torthaí faighte ar ais aige ar ithirshamplaí nuair a thaisc sé an chéad phlean. Thaisc sé an plean leasaithe in éineacht le torthaí na n-ithirshamplaí agus chuir sé an rogha SM10 leis an bplean. Luaigh sé go raibh an fhoirm chuí curtha ina dhiaidh sin ag an Roinn chuig an achomharcóir chun go líonfaí í i dtaca le híocaíocht na rogha SM10 um iníor measctha.

Thug an tOifigeach Achomharc dá aire gur áiríodh an rogha SM10 le Sceideal na hOibre maidir le Gach Bliain sa phlean bunaidh. Clúdaíonn Mír 12 de Théarmaí agus Coinníollacha REPS 4 é, tugann 12.1 'Bearta Forlíontacha' *Iníor Measctha* mar cheann de na bearta forlíontacha a bhíonn ar fáil. Luaitear i Mír 12.2: "*Is ceanglas é go roghnaíonn rannpháirtithe bearta forlíontacha ó thús an phlean cúig bliana REPS, cé is moite de bhearta forlíontacha um Dhobharcheantair Locha agus um Fhoirgnimh Oidhreachta, mar choinníoll intofachta don íocaíocht*".

Fuair an Roinn ar 27 Feabhra 2009 an plean leasaithe REPS4 a chuimsigh SM10 Iníor Measctha agus thosaigh an conradh REPS4 ar 1 Márta 2009.

Chinn an tOifigeach Achomharc gur chloígh an t-achomharcóir le ceanglas na míre 12.2 de Théarmaí & Coinníollacha REPS4 tríd an mbeart forlíontach seo a bheith curtha ar bun i dtosach an phlean REPS4. Ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 4: 2011 Scéim na hAoníocaíochta

(SPS) agus Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste (DAS)

Rinne an feirmeoir iarratas faoi SPS & DAS na bliana 2011 agus tugadh faoi chigireacht talún i Lúnasa 2011. D' eisigh an Roinn fionnachtana ó thaobh laghdú de bhreis agus 20% sa limistéar a fionnadh seachas an limistéar a maíodh go mór mór ar bhonn an limistéir neamhfhoráiste a fionnadh i ndáileacht talún ar leith.

Ag an achomharc luaigh an feirmeoir go bhfuarthas an íocaíocht i leith na dáileachta talún sa bhliain 2008 agus gur tharla aon mheathlúchán de thoradh chomhlíonadh na Treorach ón gComhairle 70/409/CEE ar chaomhnú na n-éan fiáin. Luaigh an feirmeoir go raibh an talamh á bainistiú de réir plean feirme de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus gur éirigh leis an talamh i gcigireachtaí bliantúla. Tugadh fianaise ar aird chun barr-bhearradh, iníor agus inrochtaineacht a léiriú.

Ag an éisteacht ó bhéal luaigh Cigire na Roinne go ndearnadh athchigireacht ar an dáileacht talún go luath sa bhliain 2012 agus fionnadh nach raibh sí stocdhíonach agus gur chóir í a bheith caite amach scun scan. Thug an tOifigeach Achomharc dá aire nach raibh aon tagairt do stocdhíonadh i gcigireacht na bliana 2011 agus ag an athbhreithniú laghdaigh an Roinn an limistéar nach raibh intofa ó 50% go 20% ar chuid den dáileacht talún. Luaigh sainchomhairleoir talmhaíochta an fheirmeora go raibh teacht ag an stoc ar an dáileacht talún ar fad agus go raibh sí á saothrú mar limistéar amháin le heallach agus capaill, go raibh sí stocdhíonach maille le foraois tráchtála ar thrí thaobh di agus struthán agus bruach ar an taobh eile. Luaigh an sainchomhairleoir talmhaíochta go raibh na tailte i Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus go raibh barr-bhearradh agus iníor na bplásán lastigh den dáileacht talún de cheangal chun an plean feirme a chomhlíonadh agus go ndearnadh dearbháil air seo gach bliain i gcomhair na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Luaitear sna Téarmaí agus Coinníollacha: - *Talamh atá intofa d' íocaíochtaí SPS; ... Chun go mbeidh talamh intofa, ... Ní foláir fálú cuí a bheith ann .... Ciallaíonn fálú cuí fálú stocdhíonach a chuirfidh smacht ar ainmhithe an iarratasóra agus ar ainmhithe an fheirmeora chomharsanachta freisin. ... ní foláir teoraineacha seachtracha sainithe a bheith ann ach amháin i gcás coimíneachta;*

Talamh nach bhfuil intofa do SPS; ... i gcás gach heicteáir a dhearbhaítear, eisiann an limistéar intofa aon limistéar faoi bhóthair, faoi chosáin, faoi fhoirgnimh, faoi chlóis fheirme, faoi choillte, faoi scrobarnach, ...

D' éiligh plean feirme na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra go ndéanfaí oibreacha sonraithe chun beostoc tíreachais a chosc ar éalú ón talamh, agus níor thaispeáin an plean sin gur cuireadh cosc ar an bhfeirmeoir fálú a dhéanamh. D' éiligh na Téarmaí agus Coinníollacha SPS go ndéanfaí teorainn bhuan agus fálú stocdhíonach. Thug an tOifigeach Achomharc dá aire nár diúltaíodh don dáileacht talún mar gheall ar stocdhíonadh, mar sin níor braitheadh san achomharc ar thuarascáil na bliana 2012 ó thaobh an stocdhíonta de. Sheas an tOifigeach Achomharc le fionnachtana na Roinne i dtaobh na limistéar scrobarnaí agus mheas an tOifigeach Achomharc gurbh éard a bhí iontu ná limistéar neamhfhoráiste.

Thug an feirmeoir fianaise ar phlean feirme na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ar aird. Luadh sa phlean an méid seo i dtaobh na scrobarnaí: "*i gcoitinne, is cóir limistéir scrobarnaí atá ann cheana a choinneáil. I limistéir oscailte nó i limistéir ina mbíonn an méid scrobarnaí / fáil sceach teoranta, beidh gá le gnáthóg a chruthú nó éascaíocht a dhéanamh d' fhairsingiú éigin ar scrobarnach aitinn agus ar scrobarnach chrua-admhaid dhúchasaigh. Is féidir limistéir bheaga scrobarnaí bunaithe aitinn nó sailí, nó bruacha aitinn, sailí agus sceiche eile, a bhearradh, ach ní ceadmhach iad a bhaint, a dhó nó a mharú. Is cóir bloc leanúnach mór (>1ha) drise, scrobarnaí nó aitinn atá bunaithe a oscailt amach (lasmuigh de shéasúr goir na n-éan). Coinnigh 30% ar a laghad den limistéar atá clúdaithe ag scrobarnach agus sceacha i línte scaipthe nó i bpaistí scaipthe de rogha ar bhloc amháin*". Dhearbhaigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta don Oifigeach Achomharc gur fhorfheidhmiú í an Scéim um Plean Feirme de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ar an Treoir ón gComhairle 79/409/EEC den 2 Aibreán 1979 ar chaomhnú na n-éan fiáin.

Luadh i dTéarmaí agus Coinníollacha SPS / DAS na bliana 2011 go bhféadfadh talamh a bhí intofa do SPS limistéir REPS a chuimsiú mar ghnáthóga nuachruthaithe faoi rogha 4A de REPS 3 agus REPS 4, agus limistéir faoi LINNET agus saincheantair bhruachánacha. Luadh in Alt 15 de na Téarmaí agus Coinníollacha i dtaca leis na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga go bhfuil comhlíonadh na gceanglas chun na limistéir liostaithe seo a chothabháil mar chuid de rialuithe traschomhlíonta. Ní dhearna Alt 15 aon trácht ar intofacht do SPS, áfach.

Thug an tOifigeach Achomharc dá aire go luaitear in Airteagal 34.2.(b)(i) den Rialachán ón gComhairle (CE) Uimhir 73/2009 go gciallóidh heicteár intofa aon limistéar a thug ceart chun íocaíochtaí faoin SPS sa bhliain 2008 agus nach gcomhlíonann a thuilleadh an sainmhíniú ar 'intofa' de thoradh fhorfheidhmiú na Treorach ón gComhairle 79/409/EEC ar chaomhnú na n-éan fiáin. Sa chás seo, áiríodh an dáileacht talún le hiarratas SPS sa bhliain 2008 agus ba shiocair í le híocaíochtaí.

I dtaca le SPS de, ba é cinneadh an Oifigigh Achomharc ná gur tháinig an dáileacht talún laistigh de mhíniú Airteagal 34.2.(b)(i) an Rialacháin ón gComhairle (CE) Uimhir 73/2009 ar bhonn phlean feirme na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a bhí i bhfeidhm ó Mheitheamh 2009. Sheas an tOifigeach Achomharc leis an diúltú ó thaobh 1ha faoi scrobarnach mar a bhí ann tráth a bhí plean na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra á chur i dtoll a chéile ach mheas an tOifigeach Achomharc gur limistéar intofa do SPS a bhí sa scrobarnach eile, cé nár limistéar foráiste a bhí inti, mar bhonn na bhforálacha rialála. Chinn an tOifigeach Achomharc nach raibh feidhm ag na heisiaimh shonraithe maidir le DAS agus sheas an tOifigeach Achomharc go hiomlán le cinneadh na Roinne maidir le DAS. Ceadaíodh an t-achomharc i bpáirt.

Cás 5: Gnéithe Neamhluachála de na Scéimeanna Eitinne / um Dhíothú Brúsallóise

Bhí dhá ainmhí ginealaigh ag an bhfeirmeoir a measadh a bheith ina bhfrithghníomhaithe agus aistríodh amach iad chun a maraithe sa bhliain 2011. Ag an luacháil shann an Luachálaí luach ionlao €2,000 agus luach gan a bheith ionlao €1,600 do cheann de na hainmhithe. Rinne an Roinn achomharc in aghaidh na luachála agus athshannadh luach ionlao €2,000 agus luach gan a bheith ionlao €1,400 don ainmhí. D' imigh trí seachtaine thart idir an luacháil tosaigh agus an marú. I ndiaidh an mharaithe, fuair Oifig Tréidliachta an Cheantair cead comhlánaithe ER26 inar deimhníodh nach raibh an t-ainmhí torrach. Próiseáladh an íocaíocht ar bhonn na luachála i dtaca le hainmhí neamhthorrach. Iarradh athbhreithniú ar stádas toirchis an ainmhí ach sheas an Roinn leis an luach neamhthorrach a íoc ar bhonn an toraidh iarbháis.

Luaigh an feirmeoir ag an achomharc gur coimeádadh an t-ainmhí ar feadh dhá sheachtain sa bhreis ar an bhfeirm de bharr na luachála achomhairc a thionscain an Roinn. Scrúdaigh tréidlia an t-ainmhí i dtráth na luachála agus deimhníodh mar ainmhí ionlao, amhail an dara ainmhí frithghníomhaí a sainaithníodh mar

ainmhí torrach i dtráth an mharaithe. Cuireadh fianaise de chornadh agus d' inseamhnú dúbailte ar fáil. Luaigh an feirmeoir gur fhulaing an t-ainmhí ó bhacaí sa tréimhse idir an luacháil agus an luacháil achomhairc ach nárbh fhéidir cóir leighis a chur ar an ainmhí.

Luaigh an Roinn gur braitheadh ar an gcead ER26 mar an toisc a chinn an stádas toirchis chun críocha íocaíochta. Luaigh an Roinn go ndearnadh an luacháil achomhairc laistigh de 6 lá ón luacháil tosaigh. Luaigh an Roinn gur scrúdaigh Cigire Tréidliachta an t-ainmhí ar an bhfeirm ó thaobh bacaí agus gur thuairiscigh an Cigire go raibh an t-ainmhí oiriúnach chun a mharaithe faoi réir sainchoinníollacha leasa a bheith comhlíonta, agus thairis sin dúradh gur shaincheist a bheadh in aon tréimhse aistarraingthe i gcomhair córa leighis.

Tá an fhaisnéis ar an scéim luachála i bhfoilseachán na Roinne dar teideal "Socruithe Cúitimh maidir le hEitinn agus Brúsallóis – Faisnéis Thábhachtach d' Fheirmeoirí". Luaitear in Alt 8.2: *"I gcás ina gcuireann an Luachálaí dhá mhargadhluach isteach i dtaca le haon ainmhí baineann, déanfar stádas toirchis an ainmhí áirithe a dhearbháil ón toradh iarbháis ag an monarcha ar an gcead (ER26) agus úsáidfidh Oifig Tréidliachta an Cheantair an méid cuí luachála nuair a ríomhfar an méid difreálach a bheidh dlite don úinéir tréada nó don choimeádaí tréada. Déanann foireann tréidliachta faoi mhaoirseacht na Roinne dearbhálacha toirchis ar na ba frithghníomhaí go léir agus ar na bodóga frithghníomhaí go léir ar a ndéantar cur síos mar "ionlao" ar an V13. Is toradh críochnaitheach ina thaobh seo an toradh arna shocrú ag an dearbháil iarbháis le haghaidh toirchis".*

D' admhaigh an tOifigeach Achomharc an fhianaise a thug le fios go raibh an t-ainmhí torrach nuair a measadh ina fhrithghníomhaí é ach níor aimsigh sé aon fhoráil faoin scéim lena mbúnófaí an stádas toirchis i dtaca le híocaíocht an deontais ar scanadh beothoirchis nó ar fhianaise an Inseamhnaithe Shaorga. Tar éis don Oifigeach Achomharc teagmháil a dhéanamh leis an gCigire Tréidliachta a bhí i gceannas ar an seamlas chun cruinneas an ER26 a fhíorú, ba dheimhin leis an Oifigeach Achomharc go ndearnadh scrúdú iarbháis ar thoircheas an ainmhí agus gur tugadh tuairisic air sin d' Oifig Tréidliachta an Cheantair ar an gcaoi ar gá é a dhéanamh i modh an ER26 líonta. Níl aon fhoráil faoin scéim faoinar féidir caillteanas toirchis idir triail eitinne agus scrúdú iarbháis a chur san áireamh ach amháin mar a mbeireann an t-ainmhí lao dáiríre. Chinn an tOifigeach Achomharc nach mór dul go heisiatach i muinín fhionnachtain iarbháis an neamhthoirchis i dtráth an mharaithe chun críocha na híocaíochta luachála faoin scéim. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 6: Scéim na hAoníocaíochta (Ró-Dhearbhú maidir le Limistéar)

Tar éis cigireachta Roinne, insíodh don fheirmeoir gurbh ann do ró-dhearbhú limistéir SPS (Scéim na hAoníocaíochta) 2011. Fionnadh nach raibh dhá dháileacht talún intofa toisc nach raibh siad á saothrú ag an iarratasóir. Ba sa chatagóir de bhreis agus 20% a bhí an ró-dhearbhú, arbh é an toradh a bhí air ná gan aon íocaíocht sa bhliain 2011. D' iarr an feirmeoir go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh seo agus sheas an Roinn leis an gcinneadh bunaidh.

Luadh san achomharc ón bhfeirmeoir chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta gur thalamh mhóinéir í dáileacht talún amháin a bhí i gceist, ceann a bhí cosúil le dáileachtaí talún eile sa cheantar a úsáideadh mar fhéarach garbh. Ina theannta sin, thug an feirmeoir le fios gur chóir an dara dáileacht talún a bheith bainte den iarratas SPS agus gur tugadh treoir don sainchomhairleoir talmhaíochta an dáileacht sin a scriosadh amach as an iarratas. Fuarthas aighneacht ó shainchomhairleoir an fheirmeora; luaigh sé gur shíl an feirmeoir gur thug sé treoir don sainchomhairleoir ceann de na dáileachtaí talún a bhaint den iarratas SPS ach nár chuimhin lena oifig aon treoir dá leithéid. Luaigh an sainchomhairleoir gurbh é a thuairim nach raibh sé de rún ag an bhfeirmeoir an dáileacht talún seo a chur san áireamh ar an iarratas.

D' fhreastail an feirmeoir agus a chuid ionadaithe, an sainchomhairleoir ina measc, agus pearsanra na Roinne ar an éisteacht ó bhéal. Thug an Roinn an bonn leis an gcinneadh bunaidh; fionnadh gur thalamh íseal a bhí i ndáileacht talún amháin, go raibh sí faoi bhaol tuilte agus gur measadh nach raibh sí á saothrú sa bhliain 2011 agus gur cinneadh nach raibh sí intofa. Luaigh an t-oifigeach a rinne an chigireacht go bhfaca sé féara fada portaigh nó móinteáin sa dáileacht talún, go raibh draenacha oscailte mórthimpeall ar an bpáirc, nach raibh aon fhianaise de ghníomhaíocht talmhaíochta, nach raibh aon fhianaise de stoc ar an talamh agus nach raibh sí gearrtha ná bearrtha. Dúirt an t-oifigeach go raibh draein oscailte ag trasnú na dáileachta talún, agus toir ar thaobh amháin di. Dúirt an feirmeoir i dtaobh na dáileachta talún seo gur thalamh chrua í an talamh ar chlé na draenach oscailte agus gur thalamh bhogaigh í an talamh ar dheis na draenach; tugadh grianghraif ar aird. Maidir leis an dara dáileacht talún ar fionnadh nach raibh sí intofa, dúirt an feirmeoir gur trí dhearmad cléireacais a áiríodh leis an iarratas SPS í agus gur tarraingíodh siar í nuair a aithníodh an dearmad.

I litir an chinnidh a eisíodh ina dhiaidh sin, thug an tOifigeach Achomharc dá aire mionbhreathnuithe an oifigigh chigireachta maidir leis an gcéad dáileacht talún nach raibh intofa. Thairis sin, thug an tOifigeach Achomharc dá aire gur thacaigh na grianghraif a tugadh ar aird leis an measúnú seo. D' fhionn an tOifigeach Achomharc nach raibh aon fhianaise de ghníomhaíocht talmhaíochta sa dáileacht talún seo nuair a tharla an chigireacht ná aon fhianaise go raibh sí á cothabháil i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil agus fionnadh nach raibh an dáileacht talún seo intofa.

Maidir leis an dara dáileacht talún ar mheas an Roinn nach raibh sí intofa, thug an tOifigeach Achomharc dá aire gur áiríodh an dáileacht talún seo leis an iarratas a chuir an sainchomhairleoir isteach ar líne i mBealtaine 2011 agus cuireadh isteach iarraidh chun í a scriosadh amach i Lúnasa 2011, ar an lá céanna agus an lá a ndearnadh an chigireacht ar an bhfeirm. Rinneadh tagairt d' Alt 14 de théarmaí agus coinníollacha na scéime maidir le leasuithe i ndiaidh 31 Bealtaine 2011: *'Tá cead agat talamh a tharraingt siar, an limistéar dáileachta talún a ndéantar éileamh ina leith a laghdú... gan phionós, tráth ar bith i ndiaidh an dáta dheiridh i gcomhair Leasuithe, 31 Bealtaine 2011, ar chuntar nach bhfuil curtha in iúl duit ag an Roinn go mbaineann mírialtachtaí le d' iarratas ar Scéim na hAoníocaíochta, nó ar chuntar nach bhfuil curtha in iúl duit go dtarlóidh cigireacht ar an láthair. Má tá curtha in iúl duit go dtarlóidh cigireacht ar an láthair agus más rud é go nochtfar mírialtacht ina dhiaidh sin de bharr na cigireachta sin, ní féidir glacadh le leasú ar an gcuid sin de d' iarratas ar a bhfearann an mhírialtacht a aithnítear.'* Ag féachaint don fhíric go ndearnadh an iarraidh ó thaobh an dáileacht talún a scriosadh amach ar an lá céanna agus an lá a ndearnadh an chigireacht agus go raibh freagracht ar an bhfeirmeoir as cruinneas na faisnéise a cuireadh isteach, d' fhionn an tOifigeach Achomharc go raibh cinneadh na Roinne maidir leis an dáileacht talún seo ceart. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 7: An Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS) 2011

Glacadh leis an iarratasóir sa Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS) 2011 maille le 1 Meán Fómhair 2011 a bheith mar dháta tosaithe an chonartha. Thug an litir ghlactha, áfach, cuntas ar shaincheisteanna a bhí le réiteach sula bhféadfaí an t-iarratas a chur ar aghaidh chuig an gcéim íocaíochta, mar a bhí *'Ní mór carnadh gníomhartha a bheith ar dháileacht talún'* agus *'Níor cuireadh isteach Léarscáileanna'*. I litir eile ina dhiaidh sin, sholéirigh an Roinn gur roghnaíodh gníomh limistéarbhunaithe, mar a bhí *'Féarach Ar Mhórán Speiceas'* ar an dáileacht chéanna agus gníomh *'Caighdeán um Chur Crann'*. Luadh nár mhór, faoi Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime, na gníomhartha limistéarbhunaithe a sheachadadh ar bhonn iomlán dáileachta faoin LPIS (An Córas Aitheanta Dáileachtaí Talún), dá bhrí sin níor measadh ach an Féarach Ar Mhórán Speiceas a bheith ina ghníomh bailí ar an dáileacht talún. Ó ba rud é nár chomhlíon an gníomh eile na ceanglais íosta gnímh i dtaca le gníomh sainordaitheach amháin agus gníomh comhlántach amháin ar a laghad, measadh nach raibh an t-iarratas bailí chun dul ar aghaidh chuig an gcéim íocaíochta.

Rinneadh an cinneadh ó thaobh an t-iarratas a mheas ina cheann neamhbhailí a achomharc chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta. Sna forais achomhairc thug an t-achomharcóir le fios gur glacadh leis sa Scéim AEOS i bhFómhar na bliana 2011 agus chuir sé crainn de réir cheanglais na scéime sin. Chuir sé admháil faoi iamh ó Mhí na Nollag 2011 maidir le 25 cinn d' Fhuipeanna Coill. I bhFeabhra 2012 fuair sé litir inar luadh go raibh a iarratas á dhiúltú ar an mbonn go ndearnadh iarratas ar gach ceann de na gníomhartha ar an aon phlásán LPIS amháin. Thug sé le fios go raibh sé seo mícheart mar bhí foirm i gcomhair leasaithe Aoníocaíochta curtha isteach aige in Iúil 2011. Agus é i dteagmháil leis an Oifig Achomharc, thug an feirmeoir le fios go raibh an fhoirm i gcomhair leasaithe SPS 2011 tugtha isteach aige ag Oifig Áitiúil Tréidliachta an Cheantair in Iúil 2011 agus chreid sé go raibh an fhoirm stampáilte agus curtha ar aghaidh acu. Ansin chuir sé an fhoirm i gcomhair leasaithe isteach arís i Márta 2012, agus fuair sé deimhniú postála. Luaigh an t-achomharcóir freisin gur chuir an litir ghlactha an-mhearbhall air mar dúradh sa litir go raibh a chuid iarratais faofa ó thaobh dul isteach sa scéim.

Luaitear an méid seo a leanas sa Leathán Cabhrach/ Téarmaí agus Coinníollacha i leith Scéim na hAonaíocaíochta 2011 de chuid an Aontais Eorpaigh: *'Féadfar leasuithe ar iarratais SPS 2011, agus dáileachtaí/plásáin eile a chur le hiarratais san áireamh, a dhéanamh suas go dtí 31 Bealtaine 2011 ar an bhFOIRM I GCOMHAIR LEASAITHE SPS 2011. Glacfar le Foirmeacha Déanacha i gcomhair Leasaithe suas go dtí 10 Meitheamh 2011 agus an dáta sin san áireamh'* D' fhionn an tOifigeach Achomharc nach raibh aon fhianaise den fhoirm i gcomhair leasaithe SPS 2011 a bheith faighte ag Oifig Áitiúil Tréidliachta an Cheantair ná ag an bPríomhrannán SPS, Port Laoise in Iúil 2011. An t-aon fhoirm i gcomhair leasaithe ar chóras na Roinne ab ea an ceann ó Mhárta 2012, a bhí ní ba dhéanaí ná an dáta deiridh chun foirmeacha i gcomhair leasaithe a bheith faighte.

Luaitear an méid seo a leanas in Alt 11.2 de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime AEOS 2011: *'Ní mór gníomhartha limistéarbhunaithe a sheachadadh ar bhonn iomlán dáileachta LPIS. Má roghnaíonn tú na gníomhartha 'Móinéar Féir Traidisiúnta ', 'Féarach Ar Mhórán Speiceas ', 'Clúdach na nÉan Fiáin ', 'Bunú an Chlúdaigh Ghlais ' nó 'Curaíocht Íosta ', is é an t-aon ghníomh eile is féidir leat a roghnú ar an dáileacht LPIS chéanna ná 'Cothabháil Ballaí Cloiche ', 'Barrscoitheadh Fálta Sceach ' nó 'Sceacha a Chur '* . D' fhionn an tOifigeach Achomharc nach raibh an limistéar a éilíodh iarrtha i gcomhair athdhigitithe in am agus mar sin gur measadh go ndearnadh an gníomh 'Féarach Ar Mhórán Speiceas' agus gníomh 'Caighdeán um Chur Crann' ar an dáileacht chéanna, rud nach raibh ag teacht le Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime.

Lena chois sin, luaitear i Sonraíocht na gCrann Leathanduilleach: *'I dtaca leis an ngníomh seo de, ní mór duit crainn a chur ón liosta thíos'*. Níor chuimsigh liosta faofa na gCrann Leathanduilleach Dúchasach crainn Choill. Thairis sin, cheannaigh an feirmeoir fuipeanna agus ní an cineál faofa de chrainn lánairde nó de chrainn leatharda i gcás an ghnímh seo. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 8: Scéim na hAoníocaíochta (Na Rialacháin um Níotráití 2010)

Rinneadh cigireacht i Márta 2011 ar Iarratas an Achomharcóra faoi Scéim na hAoníocaíochta 2010. Mar thoradh ar an gcigireacht seo, gearradh pionós 20% ar iarratas SPS na bliana 2010. Ba iad na fáthanna leis an bpionós a tugadh ná bailiú uireasach aoiligh bheostoic, bainistiú uireasach saoráidí stórála agus fianaise d' fhabhtanna struchtúracha sna saoráidí stórála.

Rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh chuig an Oifig Achomharc. Ghlac an t-achomharcóir leis gur shárú ar na rialacháin a bhí ann ach bhraith sé go raibh pionós 20% trom ón uair gur ghéill an Roinn nach raibh aon fhianaise de thruailliú a bheith ag tarlú ar lá na cigireachta. Tugadh forais mhíochaine ar aird freisin chun é a chur in iúl gur fhulaing an t-achomharcóir easláinte agus nach raibh sé in ann gach pioc de reáchtáil laethúil na feirme a choinneáil ar siúl. Dá bhrí sin, bhí beagáinín den róstocáil ar fheirm an achomharcóra.

Ag an éisteacht ó bhéal thug ionadaí na Roinne cuntas ar na fáthanna gur gearradh an pionós 20%. Luaigh ionadaí na Roinne go ndearnadh roinnt Cigireachtaí Údaráis Áitiúil chun deimhin a dhéanamh de chomhlíonadh na Rialachán um Níotráití agus go raibh fianaise amhairc de bhailiú uiresach ábhar dramhaíola. Thug an Roinn cuntas ar an gcaoi ar beartaíodh an smachtbhanna 20% agus míníodh úsáid na dtéarmaí 'faillí' agus 'intinn' agus cuireadh in iúl gur leagadh amach 'intinn' i Rialachán 796/04, agus go raibh 'intinn' níos tromchúisí ná 'faillí'. Níor glacadh gnáthchiall litriúil an fhocail 'intinn' sa reachtaíocht, ach d' fhéadfaí an léamh a dhéanamh go dtagródh 'intinn' do theip sa chóras bainistíochta mar stóráil uireasach sciodair a lig don seans go dtarlódh rith chun srutha agus truailliú. Ghlac an Roinn leis go raibh an fhianaise mhíochaine a tíolacadh suntasach agus nua agus glacadh leis nach bhfacthas aon fhianaise de thruailliú ar lá na cigireachta.

Tugadh le fios gur rannpháirtí REPS4 an t-achomharcóir agus go raibh plean bainistíochta cothaitheach i bhfeidhm aige. Níor aontaigh an t-achomharcóir leis an gcur síos ar fhabhtanna struchtúracha agus luaigh an t-achomharcóir gur tugadh amach an t-aoileach as an mboth ionas go leathfaí é. Tugadh fianaise de riocht míochaine an achomharcóra ar aird.

Ba sa Rialachán ón gCoimisiún Eorpach 1122/2009 agus sa Rialachán ón gComhairle Eorpach 73/2009 a foráladh don phionós a gearradh. Tugann Airteagal 24(2) den Rialachán ón gComhairle 73/2009 cuntas ar *'Laghduithe a chur i bhfeidhm i gcás na faillí'* agus luaitear ann: "*I gcás na faillí, ní rachaidh céatadán an laghdaithe thar 5% agus, i gcás an neamhchomhlíonta athuair,* 15%."

Tugann Airteagal 24(3) cuntas ar fheidhmiú na laghduithe agus na n-eisiamh i gcás an neamhchomhlíonta intinniúil ina luaitear "*I gcás an neamhchomhlíonta intinniúil, ní bheidh céatadán an laghdaithe níos lú ná 20% i bprionsabal agus féadfaidh sé dul chomh fada le heisiamh iomlán ó scéim chúnaimh amháin nó níos mó ná sin agus is féidir go gcuirfear i bhfeidhm é sin go ceann bliana féilire nó níos mó ná sin.*"

Ghlac an tOifigeach Achomharc leis, ag féachaint don fhianaise mhíochaine a tugadh ar aird ag an éisteacht ó bhéal inar tugadh cuntas ar chineál trom tobann an reachta mhíochaine ina raibh an t-achomharcóir i dtráth na cigireachta, nach bhféadfaí an neamhchomhlíonadh a fionnadh ar lá na cigireachta a mheas ina rud intinniúil agus gur chóir é a rangú mar fhaillí. Laghdaíodh an pionós a gearradh ó 20% go 5%. Ceadaíodh an t-achomharc i bpáirt.

Cás 9: An Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS) 2010 agus an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach (OFS)

Thosaigh an t-achomharcóir a rannpháirtíocht sa Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS) sa bhliain 2010 agus roghnaigh sé na Roghanna um Móinéar Féir Traidisiúnta agus um Chiumhaiseanna Bruachánacha. Bhí an t-achomharcóir ag glacadh páirte sa Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach (OFS) ón mbliain 2010 freisin. D' inis an Roinn don achomharcóir nach bhféadfadh sé páirt a ghlacadh sna Roghanna um Móinéar Féir Traidisiúnta agus um Chiumhaiseanna Bruachánacha le linn dó a bheith páirteach san OFS mar chinn an Roinn gurbh éard a bheadh ina leithéid ná dé-íocaíocht, rud a thoirmisctear faoi rialacha an Aontais Eorpaigh. Thairg an Roinn dhá rogha don achomharcóir, mar seo a leanas: (a) tarraingt siar ón AEOS nó ón OFS, nó (b) leanúint de pháirt a ghlacadh san AEOS agus san OFS, ach an limistéar sna roghanna AEOS a tharraingt siar ón OFS. Má roghnaigh an t-achomharcóir rogha (b) cuireadh in iúl dó nach bhfaigheadh sé íocaíocht faoin OFS i leith an limistéir a cuimsíodh sna roghanna AEOS, ach nár mhór dó, áfach, leanúint de gach pioc den talamh ar an bhfeirm a shaothrú go horgánach.

Rinneadh achomharc in aghaidh chinneadh na Roinne chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta. D' áitigh an t-achomharcóir gur chomhairligh a chomhairleoir Teagasc dó nuair a bhí iarratas á dhéanamh aige ar dhul isteach sa dá scéim nach raibh faic i dtéarmaí agus coinníollacha an dá scéim a choiscfeadh air páirt a ghlacadh sa dá scéim ag an am céanna. Mhaígh an t-achomharcóir gur fhéad sé an úsáid ab fhearr a bhaint as a thalamh ó thaobh an chomhshaoil de trí na Roghanna um Móinéar Féir Traidisiúnta agus um Chiumhaiseanna Bruachánacha a dhéanamh faoin AEOS. D' argóin an t-achomharcóir go raibh dua mór caite aige leis na roghanna seo agus go raibh air íoc as na costais bhreise a bhain le conraitheoir chun cuidiú leis ó thaobh an fhéir de. D' argóin sé go ndearna sé na conarthaí de mheon macánta agus gur chloígh sé le téarmaí agus coinníollacha an dá scéim. Luaigh an t-achomharcóir go mbeadh roghanna eile déanta aige dá mba rud é gur cuireadh ar a shúile gur bhain deacrachtaí leis na Roghanna um Chiumhaiseanna Bruachánacha agus um Móinéar Féir Traidisiúnta nuair a bhí iarratas á dhéanamh aige ar dhul isteach sa scéim.

Dhearbhaigh ionadaithe na Roinne ag an éisteacht gur tarraingíodh aird na Roinne ar na rannpháirtithe in AEOS agus OFS a rinne roghanna limistéarbhunaithe san AEOS agus a raibh íocaíocht dhúbailte á fáil acu. Scríobh an Roinn chuig roinnt feirmeoirí mar gheall ar an ngnó seo. D' áitigh an Roinn go mbunaítear an íocaíocht i leith na roghanna limistéarbhunaithe in AEOS agus OFS go príomha ar an bprionsabal céanna – ioncam a sheachligtear de thoradh an laghdaithe ar ionchuir leasacháin nó de thoradh na rochtana srianta i gcomhair na táirgeachta.

Maidir leis an Rogha um Chiumhaiseanna Bruachánacha, d' argóin an Roinn go n-aontaíonn feirmeoir go n-éireofar as saothrú na talún seo agus, dá bhrí sin, nach bhféadfaidh an talamh na ceanglais OFS a chomhlíonadh an túisce a éireofar as saothrú na talún. Luaigh an Roinn go bhfaigheann feirmeoirí íocaíocht i leith an fhálaithe i gcomhair an limistéir seo ar gá é a bheith stocdhíonach agus nach féidir ligean d' ainmhithe a bheith ag innilt air. Maidir leis an Rogha um Móinéar Féir Traidisiúnta, luaigh an Roinn go gceanglaítear ar fheirmeoir trí speiceas féir ar a laghad seachas an tSeagalach a shaothrú agus coisctear ar rannpháirtithe an féar a bhaint go dtí dáta i ndiaidh 1 Iúil. D' aontaigh an Roinn le maíomh an Oifigigh Achomharcóra nach ionann na rialacha ó thaobh leasacháin a chur ar an talamh faoin Rogha um Móinéar Féir Traidisiúnta agus faoin OFS.

Luaigh an Roinn nár fhéad sí ligean don achomharcóir iompú go rogha eile ag an bpointe sin mar ceanglaítear le hAirteagal 39(3) den Rialachán ón gComhairle 1698/05 go mairfidh gealltanais Chomhshaoil Talmhaíochta cúig bliana ar a laghad. Thagair an Roinn d' Airteagal 27 den Rialachán ón gComhairle 1974/2006 (Fo-Alt 11) a cheadaíonn an t-iompú ó rogha amháin go rogha eile mar a gcomhlíontar trí choinníoll – (a) ní foláir d' aon iompú dá leithéid a bheith chun mórthairbhe don chomhshaol nó don leas ainmhithe nó don dá rud; (b) ní foláir d' aon iompú an gealltanas reatha a threisiú go mór agus (c) caithfear go gcuimseofar na gealltanais seo sa

chlár faofa um fhorbairt tuaithe. D' áitigh an Roinn nach bhféadfaí féachaint ar iompú ó rogha limistéarbhunaithe go gníomh líneachbhunaithe mar rud a rachadh chun mórthairbhe don chomhshaol ná mar rud a threiseodh go mór an gealltanas reatha.

Tar éis scrudú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha an dá scéim, d' aontaigh an tOifigeach Achomharc le háitimh an achomharcóra gur cheadaigh na forálacha don achomharcóir páirt a ghlacadh sa dá scéim ag an am céanna agus nár choisc an Roinn air a bheith san OFS agus na Roghanna um Chiumhaiseanna Bruachánacha agus um Móinéar Féir Traidisiúnta a dhéanamh agus iarratas á dhéanamh aige ar dhul isteach san AEOS.

Agus áitimh na Roinne á mbreitniú, áfach, d' aontaigh an tOifigeach Achomharc le fionnachtain na Roinne i dtaobh na Rogha um Chiumhaiseanna Bruachánacha sa mhéid gur fionnadh gur aontaigh an t-achomharcóir faoi fhorálacha an AEOS go n-éireofaí as saothrú an limistéir seo chun críche na Rogha um Chiumhaiseanna Bruachánacha. Ní raibh an talamh ar fáil i gcomhair na táirgeachta orgánaí ar an mbonn sin agus ní fhéadfadh sí ceanglais an OFS a chomhlíonadh. Dhícheadaigh an tOifigeach Achomharc an t-achomharc i dtaobh na Rogha um Chiumhaiseanna Bruachánacha.

Maidir leis an Rogha um Móinéar Féir Traidisiúnta, cheadaigh an tOifigeach Achomharc an t-achomharc ar an mbonn gur cheadaigh na téarmaí agus coinníollacha don achomharcóir páirt a ghlacadh sa dá scéim ag an am céanna. Thug an tOifigeach Achomharc dá aire gur ceanglaíodh ar an achomharcóir faoin Rogha um Móinéar Féir Traidisiúnta trí speiceas féir ar a laghad seachas an tSeagalach a shaothrú agus nár fhéad sé an féar a bhaint go dtí dáta i ndiaidh 1 Iúil. Thairis sin, thug an tOifigeach Achomharc dá aire go raibh feidhm ag rialacha éagsúla ó thaobh leasacháin a chur ar an talamh faoin Rogha um Móinéar Féir Traidisiúnta san AEOS i gcomparáid leo siúd a bhain leis an OFS. Chinn an tOifigeach Achomharc gur chóir an t-achomharc i dtaobh na Rogha um Móinéar Féir Traidisiúnta a cheadú toisc nach raibh aon fhianaise a thabharfadh le fios nár chomhlíon an t-achomharcóir ceanglais an dá scéim AEOS agus OFS maidir leis an talamh sa Rogha um Móinéar Féir Traidisiúnta agus toisc nár choisc na téarmaí agus coinníollacha ar an achomharcóir páirt a ghlacadh sa rogha seo agus san OFS ag an am céanna.

D' aontaigh an tOifigeach Achomharc le háiteamh na Roinne ó thaobh an t-achomharcóir a bheith ag dul isteach i rogha eile agus d' fhionn an tOifigeach Achomharc, tar éis scrúdú a dhéanamh ar Rialacháin ábhartha an Aontais Eorpaigh, go gceanglaítear go mairfidh gealltanais dá leithéid cúig bliana ar a laghad, rud nach raibh indéanta sa chás seo toisc nach raibh ach trí bliana fágtha ar chonradh an achomharcóra. Ceadaíodh an t-achomharc i bpáirt.